

Kenny's

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shiopa leabhar Kenny's i gCathair na Gaillimhe. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. 80 years _____
2. many a challenge _____
3. to overcome _____
4. their creative mark _____
5. crowds _____
6. bindery _____
7. memory lane _____
8. sales _____
9. exporting _____
10. giant _____
11. still surviving _____
12. creators _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh iad a aimsiú.



Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus cum ceistanna bunaithe uirthi le cur ar an duine in aice leat.

Ceist 3

Tuairisc é seo a thugann ardú meanman dúinn. Cén fáth? Pléigh do chuid smaointe leis an duine in aice leat.

Ceist 4

'...*tá a lorg cruthaitheach fágtha...*'

- A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló trom?

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:

1. Is mór an trua nach bhfuil siad _____ (tar) go fóill.
2. Tá an obair ar fad _____ (déan).
3. Nach bhfuil d'obair bhaile _____ (críochnaigh) agat?
4. Is cinnte go bhfuil an leabhar sin _____ (léigh) aige.
5. Rachaidh mé ann amárach nuair a bheidh an cur i láthair _____ (réitigh) agam.
6. An bhfuil an leabhar _____ (scríobh) agat?
7. Chomh luath is a bhí an nuacht _____ (clois) aici d'imigh sí léi.
8. Dúirt mé leat go raibh an litir _____ (cuir) sa phost agam.

C. Féach ar an mír arís agus aimsigh na samplaí ar fad den ghné chéanna atá le cloisteáil inti.

Ceist 5

Tá ocht séimhiú in easnamh sa sliocht seo thíos. An féidir leat iad a aimsiú? Féach ar an tuairisc arís chun cabhrú leat.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. I gCathair na dTreabh, tá Muintir Uí Cionnaith ag ceiliúradh ceithre scór bliain ó osclaíodh an Siopa Leabhar aitheanta Kenny's. Is iomaí dúshlán a bhí le sárú acu sna blianta sin leis an ngraithe a choinneáil ag imeacht. An ceann ba mó díobh sin i mbliana.

Áine Lally

Tá a lorg cruthaitheach fágtha ag Des agus Maureen Kenny, a d'oscail Siopa Leabhar Kenny's i lár Cathair na Gaillimhe, taca an ama seo, ceithre scór bliain ó shin. Bíodh tír agus talamh ag teacht tríd a ndoirse ar an tSráid Ard sna blianta siar. Agus tá an-cáil fós ar gnó mhuintir Uí Chionnaith.

Tom Kenny, Siopa Leabhar agus Dánlann Kenny's

Fuair siad céad punt ón mbanc agus thug cuid maith gaolta agus cairde leo leabhair dóibh chun iad a dhíol agus is ar an gcaoi sin a tosaigh siad.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas a chuaigh Kenny's in oiriúint don mhargadh i gcaitheamh na mblianta?
2. An léann tú féin leabhair? Mínigh.
3. Cad iad na buntáistí a bhaineann le hearraí a cheannach go háitiúil?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. 80 years	<i>ceithre scór bliain</i>
2. many a challenge	<i>is iomaí dúshlán</i>
3. to (be) overcome	<i>le sárú</i>
4. their creative mark	<i>a lorg cruthaitheach</i>
5. crowds	<i>tír agus talamh</i>
6. bindery	<i>ceanglann</i>
7. memory lane	<i>bóithrín na smaointe</i>
8. sales	<i>díolachán</i>
9. exporting	<i>ag easpórtáil</i>
10. giant	<i>fathach</i>
11. still surviving	<i>fós ar an bhfód</i>
12. creators	<i>cruthaitheoirí</i>

Ceist 2

Mar shampla:

1. Cathain a d'oscail Kenny's agus cé a d'oscail an siopa?
2. Conas a mhaoinigh siad an gnó ag an tús?
3. Ní siopa leabhar amháin atá i gceist. Cad eile atá mar chuid de Kenny's?
4. Cé atá ag obair sa ghnó sa lá atá inniu ann?
5. Cén fáth a ndeir Tomás Kenny go bhfuil an t-ádh air?
6. Conas a d'athraigh an siopa dhá bhliain déag ó shin?
7. Conas a chuir COVID-19 isteach ar ghnó mhuintir Uí Chionnaith?
8. Cé hiad fathaigh na scríbhneoireachta a luadh sa mhír?
9. Cad é an gaisce is mó atá déanta acu, de réir Tom Kenny?

Ceist 3

Pointí le forbairt agus le plé a dhéanamh orthu:

- na seanghrianghraif
- ceol cúlra
- gnó a mhair chomh fada
- gnó an teaghlaigh
- scríbhneoirí agus ealaíontóirí mór le rá
- an taobh rómánsúil a bhaineann le leabhair
- an toisc ratha

Ceist 4

A. An aidiacht bhriathartha

- B.
1. Is mór an trua nach bhfuil siad **tagtha** go fóill.
 2. Tá an obair ar fad **déanta**.
 3. Nach bhfuil d'obair bhaile **críochnaithe** agat?
 4. Is cinnte go bhfuil an leabhar sin **léite** aige.
 5. Rachaidh mé ann amárach nuair a bheidh an cur i láthair **réitithe** agam.
 6. An bhfuil an leabhar **scríofa** agat?
 7. Chomh luath is a bhí an nuacht **cloiste** aici d'imigh sí léi.
 8. Dúirt mé leat go raibh an litir **curtha** sa phost agam.

C. 'fite'
'imithe'
'déanta'

Ceist 5

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. I gCathair na dTreabh, tá Muintir Uí Chionnaith ag ceiliúradh ceithre scór bliain ó osclaíodh an Siopa Leabhar aitheanta Kenny's. Is iomaí dúshlán a bhí le sárú acu sna blianta sin leis an ngnraithe a choinneáil ag imeacht. An ceann ba mhó díobh sin i mbliana.

Áine Lally

Tá a lorg cruthaitheach fágtha ag Des agus Maureen Kenny, a d'oscail Siopa Leabhar Kenny's i lár Chathair na Gaillimhe, taca an ama seo, ceithre scór bliain ó shin. Bhíodh tír agus talamh ag teacht tríd a ndoirse ar an tSráid Ard sna blianta siar. Agus tá an-cháil fós ar ghnó mhuintir Uí Chionnaith.

Tom Kenny, Siopa Leabhar agus Dánlann Kenny's

Fuair siad céad punt ón mbanc agus thug cuid mhaith gaolta agus cairde leo leabhair dóibh chun iad a dhíol agus is ar an gcaoi sin a thosaigh siad.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó tríúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. I gCathair na dTreabh, tá Muintir Uí Chionnaith ag ceiliúradh ceithre scór bliain ó osclaíodh an Siopa Leabhar aitheanta Kenny's. Is iomaí dúshlán a bhí le sárú acu sna blianta sin leis an ngraithe¹ a choinneáil ag imeacht. An ceann ba mhó díobh sin i mbliana.

Áine Lally

Tá a lorg cruthaitheach fágtha ag Des agus Maureen Kenny, a d'oscail Siopa Leabhar Kenny's i lár Chathair na Gaillimhe, taca an ama seo, ceithre scór bliain ó shin. Bhíodh tír agus talamh ag teacht tríd a ndoirse ar an tSráid Ard sna blianta siar. Agus tá ancháil fós ar ghnó mhuintir Uí Chionnaith.

Tom Kenny, Siopa Leabhar agus Dánlann Kenny's

Fuair siad céad punt ón mbanc agus thug cuid mhaith gaolta agus cairde leo leabhair dóibh chun iad a dhíol agus is ar an gcaoi sin a thosaigh siad.

Áine Lally

Faoi láthair tá cúigear den chlann agus roinnt den gharchlann fite fuaite sa ghnó, ina bhfuil gailearaí, ceanglann agus siopa ar líne mar chuid de.

Tomás Kenny, Siopa Leabhar agus Dánlann Kenny's

Thosaigh mé ag obair le mo mhamó agus bhí mé in ann obair léi ar feadh blianta. Agus anois, tá mé in ann fós obair le mo dhaid agus mo dheirfiúr agus tá a fhios agam go bhfuil an t-ádh orm.

Sarah Kenny, Siopa Leabhar agus Dánlann Kenny's

Táimid go léir ag smaoineamh faoinár seanathair agus ár seanmháthair an deireadh seachtaine seo. Thosaigh gach rud i mí na Samhna, 1940 agus táimid ag dul síos bóithrín na smaointe agus tá gach duine ag caint linn faoi smaointe a bhí acu ar mhamó agus dhaideo, cosúil le dul isteach sa siopa leabhar ar High Street.

Áine Lally

Aistríodh an siopa leabhar agus gailearaí go Lios Bán dhá bhliain déag ó shin agus tá an gnó dírithe go mór ar dhíolachán ar líne anois.

Tom Kenny, Siopa Leabhar agus Dánlann Kenny's

Chuir COVID as go mór dúinn mar stop An Post ag easpórtáil go an-chuid tíortha agus taobh istigh de lá amháin bhí an chuid is mó de na margáí a bhí againn ar fud an domhain, bhí siad imithe, ní raibh siad againn ar chor ar bith. So, chuir muid béim i bhfad níos mó ar mhuintir na tíre seo. Bí ag ceannach go háitiúil más féidir leat.

Áine Lally

Níl mórán fathach i ndomhan na scríbhneoireachta, filíochta agus ealaíne nach bhfuil tar éis cuairt a thabhairt ar Kenny's, leithéidí Seamus Heaney, Edna O'Brien, John McGahern, agus Roald Dahl ina measc.

Tom Kenny, Siopa Leabhar agus Dánlann Kenny's

Déarfainn gurb é an gaisce is mó atá déanta againn thar ochtó bliain ná go bhfuil muid fós ar an bhfód, ag maireachtáil mar shiopa leabhar. Mar go traidisiúnta, ní dhéanann siopaí leabhar mórán airgid. Caithfidh tú smaoineamh go bhfuil muid ag déileáil leis na cruthaitheoirí is fearr beagnach sa tír – idir scríbhneoirí agus ealaíontóirí. Agus, custaiméirí freisin. Tá an t-ádh orainn.

¹ gnó a leagan caighdeánach

Áine Lally
Áine Lally, Nuacht TG4.